Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8452/26**

**ENER 193**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2676 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 22.4.2026<br>maidir le deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus comhaontuithe ceannaigh fuinnimh eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2676 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2676 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2026
C(2026) 2676 final

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

**an 22.4.2026**

**maidir le deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus comhaontuithe ceannaigh fuinnimh eile**

{SWD(2026) 118 final}

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.4.2026**

**maidir le deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus comhaontuithe ceannaigh fuinnimh eile**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá fuinneamh in-athnuaite ríthábhachtach chun leictreachas glan, inacmhainne agus slán a sholáthar do theaghlaigh, do ghnólachtaí agus don tionscal i ngach earnáil den gheilleagar, agus chun cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach.

(2) Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur in úsáid suiteálacha fuinnimh in-athnuaite chun sprioc an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite 42,5 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2030, ar sprioc í a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Is gá freisin rannchuidiú le sprioc 2030 an Aontais a bhaint amach maidir le laghduithe 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(3) I mí Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún Moladh (AE) 2022/822[3]. Díríodh sa Mholadh sin ar aghaidh a thabhairt ar na bacainní rialála ar chomhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite. Bhí sé bunaithe ar Airteagal 15(8) de Threoir (AE) 2018/2001, lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit na bacainní uile nach bhfuil údar leo maidir le comhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite a bhaint agus tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta ina bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna). Leis an airteagal céanna, tugadh isteach forálacha nua maidir le comhaontuithe ceannacháin fuinnimh.

(4) In Airteagal 2, pointe (77), de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], sainmhínítear 'comhaontú ceannaigh cumhachta' nó 'CCC' mar 'chonradh faoina gcomhaontaíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach leictreachas a

---

[1] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1. http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

[3] Moladh (AE) 2022/822 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 maidir le dlús a chur le nósanna imeachta um dheonú ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus maidir le Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta a éascú (IO L 146, 25.5.2022, lch. 132, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2022/822/oj).

[4] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/943/oj).

cheannach ó tháirgeoir leictreachais ar bhonn margaidh'. Cé go mbíonn CCCanna nasctha go ginearálta le giniúint ó shócmhainní nua, cumhdaítear leis an sainmhíniú sin freisin conarthaí atá bunaithe ar an nginiúint atá ann cheana, fad a chomhaontaítear iad ar bhonn margaidh. In Airteagal 2, an dara mír, pointe (14q) de Threoir (AE) 2018/2001, sainmhínítear 'comhaontú ceannacháin fuinnimh in-athnuaite' mar 'chonradh faoina gcomhaontaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach fuinneamh in-athnuaite a cheannach go díreach ó tháirgeoir, lena gcuimsítear comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite agus comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite, ach gan bheith teoranta dóibh sin'. Dá bhrí sin, cuimsítear leis an sainmhíniú deireanach sin freisin comhaontuithe ceannacháin hidrigine in-athnuaite[5], comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite agus comhaontuithe ceannacháin bithmheatáin.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 15(8) de Threoir (AE) 2018/2001, tar éis na measúnuithe a rinne na Ballstáit, tá an Coimisiún le hanailís a dhéanamh ar bhacainní ar chomhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear CCCanna maidir le fuinneamh in-athnuaite, agus aird ar leith á tabhairt ar bhacainní ar chomhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite trasteorann, agus tá sé le treoraíocht a eisiúint maidir le deireadh a chur leis na bacainní sin. Go háirithe, is féidir leis an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit an acmhainneacht atá ag comhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite ina margaí féin a shainaithint chun a rannchuidiú le spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach. I gcomhréir le hAirteagal 19a(10) de Rialachán (AE) 2019/943, tá an Coimisiún le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil bacainní ar CCCanna fós ann agus ar cé acu atá nó nach bhfuil trédhearcacht leordhóthanach i margaí CCCanna. Luaitear san Airteagal sin freisin go bhfuil an Coimisiún i dteideal treoraíocht a tharraingt suas maidir le bacainní a bhaint, lena n-áirítear nósanna imeachta nó muirir dhíréireacha.

(6) Le hAirteagal 19b de Rialachán (AE) 2019/943, cuireadh de chúram ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('ACER') measúnú bliantúil a dhéanamh ar mhargadh na CCCanna ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, d'fhoilsigh ACER an chéad tacar de bhileoga tiomnaithe tíre agus aon bhileog achomair amháin le haghaidh an Aontais i mí na Samhna 2025[6]. Bhí siad sin ag gabháil leis an tuarascáil faireacháin ar an margadh mórdhíola[7], ina bhfuil roinn freisin maidir le ról na margaí fadtéarmacha, lena n-áirítear CCCanna. Le hAirteagal 19b de Rialachán (AE) 2019/943, ceanglaíodh ar ACER freisin measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh gá le teimpléid chonartha dheonacha CCC sa bhreis. Tar éis an mheasúnaithe sin, tháinig ACER ar an gconclúid i mí Dheireadh Fómhair 2024 gur leor na teimpléid a bhí ann cheana, arna bhforbairt ag comhlachais tionscail agus comhlachtaí náisiúnta, le haghaidh riachtanais reatha an mhargaidh agus go mbeadh tionchar níos fónta ar mhargadh na CCCanna dá dtabharfaí aghaidh ar bhacainní criticiúla margaidh, amhail scrogaill forbartha tionscadail[8].

---

5 Sa chomhthéacs sin, tagraíonn 'hidrigin' freisin do dhíorthaigh hidrigine, amhail amóinia.

6 ACER - Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta, Tuarascáil Faireacháin 2025 maidir le bileoga tíre, 2025.

7 ACER - Dul chun cinn maidir le comhtháthú mhargadh mórdhíola leictreachais an Aontais, Tuarascáil Faireacháin 2025, 2025.

8 ACER - Measúnú ar an ngá atá le teimpléad deonach nó teimpléid dheonacha conartha Chomhaontú Ceannaigh Cumhachta ACER, 2024.

(7) Le hAirteagal 18a de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], rialaítear bainistiú riosca arna dhéanamh ag soláthróirí leictreachais. Leis an gcreat sin, áirítear ann úsáid CCCanna mar chuid de straitéisí fálaithe soláthróirí, in éineacht le hionstraimí eile, amhail réamhchonarthaí. I gcás ina bhfuil margaí CCCanna forbartha go leordhóthanach, cuireann an fhoráil sin ar a gcumas do na Ballstáit a cheangal ar sholáthróirí miondíola CCCanna in-athnuaite a úsáid, rud a d'fhéadfadh dreasachtaí ar thaobh an éilimh a ghiniúint do mhargadh na CCCanna ar an leibhéal náisiúnta.

(8) Tá ionstraimí fadtéarmacha fíor-riachtanach chun infheistíochtaí fuinnimh ghlain a chur chun cinn sa leictreachas agus in iompróirí fuinnimh eile. Áirítear ar na hionstraimí fadtéarmacha is coitianta in earnáil an leictreachais táirgí réamh-mhargaidh[10], margaí na CCCanna agus, le haghaidh tacaíocht phoiblí i bhfoirm scéim tacaíochta dírí praghais, conarthaí difríochta dhá threo[11]. Leis an gcleachtas margaidh atá ann faoi láthair maidir le réamh-mhargaí, cuirtear tacaíocht theoranta ar fáil d'infheistíochtaí fadtéarmacha fuinnimh in-athnuaite nó núicléach, agus tá sé níos oiriúnaí chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha (mí roimh ré) nó mheántéarmacha[12]. Tá ionstraimí a bhfuil aibíochtaí níos faide acu amhail CCCanna agus conarthaí difríochta dhá threo ag teacht chun cinn mar phríomhchumasóirí maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus núicléach, lena n-áirithítear cobhsaíocht praghsanna, agus lena bhfeabhsaítear inmharthanacht airgeadais tionscadal nua. Is féidir le CCCanna agus conarthaí difríochta dhá threo tacú le hinfheistíochtaí breise i suiteálacha in-athnuaite agus núicléacha agus na tairbhí a bhaineann le fuinneamh glan agus ísealcharbóin a thabhairt do thomhaltóirí [13]. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit scéimeanna tacaíochta um ghiniúint leictreachais a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach a chomhlánaíonn agus a chumasaíonn CCCanna.

(9) Is féidir le CCCanna a bheith i bhfoirmeacha conarthacha éagsúla, lena mbaineann leithdháiltí riosca éagsúla do na páirtithe lena mbaineann. Baineann CCCanna fisiceacha le seachadadh fisiceach leictreachais leis na hoibleagáidí cothromúcháin agus sceidealaithe gaolmhara. Nochtann siad an ceannaitheoir do rioscaí méide agus éagothroime. Feidhmíonn CCCanna airgeadais mar chonarthaí a shocraítear ó thaobh airgeadais de in aghaidh margadhphraghas tagartha, rud a fhágann nach mór aghaidh a thabhairt ar leithligh ar shocruithe soláthair fhisicigh agus ar bhainistiú éagothroime. Is féidir difríocht bhreise a bheith idir CCCanna de réir próifíl seachadta. Aistríonn

---

[9] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj).

[10] Chun críocha an Mholta seo, tagraíonn 'réamh-mhargaí' do tháirgí atá le seachadadh ó 2 lá roimh an tomhaltas agus táirgeadh leictreachais fíor-ama, agus áirítear leo táirgí arna dtrádáil ar an malartán amhail todhchaíochtaí.

[11] Sainordaítear le hAirteagal 19d de Rialachán (AE) 2019/943 úsáidí conarthaí difríochta dhá threo nuair a sholáthraíonn na Ballstáit scéimeanna tacaíochta chun teicneolaíochtaí áirithe a fhorbairt.

[12] ACER - Dul chun cinn maidir le comhtháthú mhargadh mórdhíola Leictreachais an Aontais – Tuarascáil Faireacháin 2025, 2025.

[13] Féach ACER — Dul chun cinn maidir le comhtháthú mhargadh mórdhíola leictreachais an Aontais — Tuarascáil Faireacháin 2025, 2025, aithris 45 de Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1747, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1747/oj) agus treoraíocht ón gCoimisiún maidir le conarthaí difríochta dhá threo a dhearadh (IO C, C/2025/6701, 19.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6701/oj).

CCCanna íoc-mar-a tháirgtear an riosca méide chuig an gceannaitheoir, atá neamhchosanta ar riosca táirgthe agus próifíle, a d'fhéadfadh a bheith suntasach i gcomhthéacs sócmhainní táirgthe in-athnuaite athraitheacha[14]. Soláthraíonn CCCanna bonnualaigh nó múnlaithe próifíl seachadta sheasta, agus ar an gcaoi sin aistrítear próifíl agus cothromaítear rioscaí don ghineadóir nó d'idirghabhálaí. Ina theannta sin, is iondúil go mbíonn sé d'aidhm ag CCCanna corparáideacha, a tugadh i gcrích idir táirgeoirí leictreachais agus rannpháirtithe sa mhargadh nach tomhaltóirí deiridh iad (amhail soláthróirí nó trádálaithe), praghasriosca a fhálú agus tacú le cuspóirí dícharbónaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh rioscaí breise creidmheasa, bunúis agus rialála a bheith i gceist leo i gcomparáid le CCCanna a thugtar i gcrích le soláthróirí ceadúnaithe. Dá bhrí sin, is é rogha struchtúr CCC a chinneann leithdháileadh na rioscaí praghais, méide, próifíle, cothromúcháin agus creidmheasa idir na páirtithe conarthacha. Déanann na roghanna sin difear d'iontaofacht infheistíochtaí fuinnimh ghlain ó thaobh brabúis de.

(10) Is conradh déthaobhach é CCC trasteorann faoina bhfaigheann ceannaitheoir leictreachas ó tháirgeoir atá lonnaithe i dtír eile[15]. Tá CCCanna trasteorann níos casta ná CCCanna intíre mar gheall ar na rioscaí a eascraíonn as difríochtaí praghsanna trasteorann idir criosanna tairisceana agus sreafaí idirnascairí. Is féidir leis na páirtithe conarthacha na rioscaí sin a mhaolú trí fhálú ar réamh-mhargaí leictreachais nó trí chearta tarchurtha fadtéarmacha a fháil.

(11) Tá sé de chuspóir ag páirtithe conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh córais chumhachta a dhícharbónú agus comhtháthú le margadh inmheánach leictreachais an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeidh cúpláil mhargaidh ann ar deireadh. Dá bhrí sin, is féidir le CCCanna trasteorann idir oibreoirí margaidh i bpáirtithe conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus i mBallstáit an Aontais tacú le comhtháthú margaidh de réir a chéile agus le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh ghlain, agus luaineacht praghsanna á maolú an tráth céanna.

(12) Tháinig méadú faoi cheathair ar an méid leictreachais a conraíodh gach bliain san Aontas trí CCCanna corparáideacha nua idir 2020 agus 2024, ó 7,4 TWh go 31,4 TWh. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú ar an líon conarthaí a síníodh ó 60 in 2020 go 276 in 2024. Tar éis an leathnaithe luathaithe sin, is féidir a mheas gur margaí aibí CCCanna iad 13 Bhallstát, agus is féidir 7 mBallstát a aicmiú mar mhargaí atá ag teacht chun cinn. Sna 7 mBallstát eile, tá an líon conarthaí an-íseal. Cé go raibh giniúint gaoithe chun tosaigh i margadh na CCCanna ar dtús, faoi 2024 bhí formhór na gconarthaí bunaithe ar ghiniúint fhótavoltach gréine, agus ba chonarthaí hibrideacha iad níos mó ná 10 % díobh lenar cuachadh roinnt teicneolaíochtaí, lena n-áirítear sócmhainní stórála. Is í earnáil na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide príomhspreagadh mhargadh na CCCanna, agus gealladh níos mó ná 40 % den

---

[14] Go traidisiúnta, rinneadh formhór na CCCanna a íoc mar a táirgeadh iad. Mar sin féin, tá tionchar ag an gcanablacht praghsanna atá ag dul i méid (nuair a thagann laghdú ar ioncam agus ar luach teicneolaíochta fuinnimh ar leith mar gheall ar dhul i bhfód méadaithe na teicneolaíochta sin) ar shócmhainní giniúna in-athnuaite agus ar iomadú uaireanta diúltacha praghsanna ar bhrabúsacht na gconarthaí d'fhorbróirí agus do cheannaitheoirí agus, mar thoradh air sin, tá tionchar aige ar ghlacadh an chineáil sin samhla.

[15] Ós rud é go bhfuil roinnt criosanna tairisceana ag roinnt Ballstát, bheadh go leor de shaintréithe CCC trasteorann ag CCC idir ceannaitheoir agus táirgeoir atá lonnaithe i gcriosanna tairisceana éagsúla laistigh den tír chéanna.

leictreachas trí na conarthaí sin faoi 2024, agus ina dhiaidh sin tá earnáil an mhiotail agus na mianadóireachta, earnáil na n-earraí caipitiúla agus earnáil na gceimiceán[16].

(13) Tá sraith theoranta conarthaí déthaobhacha ann atá aitheanta go poiblí bunaithe ar ghiniúint núicléach, nach measfar gur CCCanna iad ach amháin má oireann siad don sainmhíniú in Airteagal 2, pointe (77), de Rialachán (AE) 2019/943. Síníodh cásanna aitheanta le déanaí idir fóntas leictreachais agus tomhaltóir mór, nó le cuibhreannas tomhaltóirí, chun leictreachas a fháil ó shócmhainn ghiniúna atá ann cheana. D'fhéadfadh CCCanna núicléacha cuidiú le suiteálacha nua a mhaoiniú, mar shampla trí shamhlacha infheistíochta comhoibríche.

(14) Sainaithníodh dhá phríomhchatagóir bacainní ar CCCanna a fhorbairt, is iad sin bacainní rialála agus neamhrialála. Ina theannta sin, uaireanta ní féidir le dinimic an mhargaidh cuidiú le CCCanna a shíniú.

(15) Ar an gcéad dul síos, áirítear an méid seo a leanas ar bhacainní rialála: rialacha cuntasaíochta maidir le láimhseáil CCCanna; tionchar na rialachán agus cur chun feidhme chreat na ráthaíochtaí tionscnaimh ag na Ballstáit ar bheartais inbhuanaitheachta ceannaitheoirí corparáideacha; agus na bacainní rialála ginearálta ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid, amhail rialacha maidir le rochtain ar an eangach nó ceadú fada.

(16) Ar an dara dul síos, áirítear acmhainneacht creidmheasa ceannaitheoirí ionchasacha ar na bacainní neamhrialála ar fhás i margaí CCCanna; an easpa eolais agus deacrachtaí eile i measc tomhaltóirí beaga agus meánmhéide maidir le CCCanna a shíniú le sócmhainní móra giniúna fuinnimh; trédhearcacht theoranta mhargaí CCCanna; an easpa caighdeánaithe ar chonarthaí CCC; agus an úsáid theoranta a bhaineann ceannaitheoirí poiblí as CCCanna.

(17) Ar an tríú dul síos, tá tionchar freisin ag an gcaoi a ndéanann dinimic an mhargaidh difear d'fhás CCCanna ar luas forbartha CCCanna, cé nach bacainn é. Go háirithe, leis an méadú ar chanablacht praghsanna in-athnuaite[17] agus leis an ardú ar phraghsanna diúltacha i margaí leictreachais, laghdaítear spéis na bhforbróirí agus na gceannaitheoirí i CCCanna traidisiúnta íoc-mar-a tháirgtear agus cruthaítear moilleanna i gcaibidlíocht CCCanna. Ar an gcaoi chéanna, bíonn tionchar níos tapúla ag an easpa solúbthachta sa chóras leictreachais agus ag an ngá atá le solúbthacht neamhiontaise a chomhtháthú ar dhinimic mhargaidh CCCanna in-athnuaite agus gintear dreasachtaí chun comhaontuithe ceannaigh solúbthachta a shíniú. Déanann an easpa leachtachta i réamh-mhargaí áirithe difear freisin do CCCanna, go háirithe CCCanna airgeadais, ós rud é gur féidir le réamh-mhargaí feidhmiú mar thagairt praghsanna agus is minic a úsáidtear réamhchonarthaí mar fhálú breise chun praghasrioscaí shínitheoirí CCCanna a laghdú.

(18) Lasmuigh de dhinimic mhargadhbhunaithe, bíonn tionchar láidir ag tacaíocht phoiblí do ghiniúint ghlan in aon Bhallstát ar leith ar fhás féideartha sa mhargadh CCCanna sin. Le méadú ar thacaíocht phoiblí den sórt sin, i bhfoirm conarthaí difríochta dhá threo de ghnáth, laghdaítear tarraingteacht CCCanna do dhíoltóirí, ós rud é go laghdaíonn conarthaí leis an Stát an riosca agus an costas maoinithe a bhaineann le tionscadail nua.

---

16 Sonraí ó Grant Thornton, Capgemini Invent - Tuiscint a fháil ar mhargadh na gcomhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite 2026.

17 Tarlaíonn canablacht nuair a thagann laghdú ar ioncam agus ar luach teicneolaíochta fuinnimh ar leith mar gheall ar dhul i bhfód méadaithe na teicneolaíochta sin sa mhargadh.

(19) A mhéid a bhaineann le trédhearcacht mhargadh na CCCanna, tá CCCanna os cionn tairseach áirithe le tuairisciú do ACER i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. Baineann ACER úsáid as an bhfaisnéis sin agus as foinsí eile faisnéise chun an measúnú bliantúil a dhéanamh ar mhargaí CCCanna, bunaithe ar Airteagal 19b de Rialachán (AE) 2019/943

(20) Éilíonn margaí le haghaidh CCCanna agus comhaontuithe ceannaigh fuinnimh eile líon leordhóthanach tionscadal giniúna fuinnimh le himeacht ama. Is minic a chuireann roinnt tosca srian ar chur in úsáid acmhainneachta nua giniúna agus stórála, amhail rochtain ar an eangach nó ceadú. Is féidir aghaidh a thabhairt air sin trí bhearta rialála agus beartais a chur i bhfeidhm chun deireadh a chur le scrogaill a chuireann moill ar nósanna imeachta ceadaithe agus a chuireann bac ar chur in úsáid tionscadal nua giniúna agus stórála. Áirítear ar na bearta sin nósanna imeachta ceadaithe a dhigitiú agus a áirithiú go mbeidh foireann leordhóthanach ag na húdaráis cheadaithe. Tá sé ríthábhachtach forálacha ceadaithe agus pleanála spásúla Threoir (AE) 2018/2001 a thrasuí agus a chur chun feidhme go héifeachtach ar bhealach tráthúil chun dlús a chur leis an gceadú.

(21) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar CCCanna a chur chun cinn chun leictreachas glan a fhoinsiú in éineacht le bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus solúbthachta ar thaobh an éilimh chun an t-éileamh agus an buaiclód a laghdú agus tomhaltas solúbtha a spreagadh. Le cineálacha cur chuige comhtháite lena gcomhcheanglaítear seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh, amhail conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh, agus CCCanna, rannchuidítear leis an neamhchosaint ar luaineacht praghsanna a ísliú, inacmhainneacht fuinnimh a mhéadú do thomhaltóirí deiridh, agus costais fhoriomlána an chórais agus an aistrithe fuinnimh a ísliú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ceannaitheoirí CCCanna a spreagadh, go háirithe comhlachtaí poiblí agus tomhaltóirí móra fuinnimh, chun machnamh a dhéanamh ar CCCanna agus bearta costéifeachtacha éifeachtúlachta fuinnimh agus solúbthachta a chomhcheangal.

(22) Déantar foráil in Airteagal 19a(5) de Rialachán (AE) 2019/943 maidir leis an bhféidearthacht do thionscadail a dhéanann iarratas ar scéimeanna tacaíochta le haghaidh leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite nó a bhaineann tairbhe astu cuid den leictreachas a fhorchoimeád lena dhíol trí shocruithe margadhbhunaithe lena n-áirítear CCCanna. Tá an teaglaim de chonarthaí difríochta dhá threo agus CCCanna le déanamh ar bhealach nach saobhann an iomaíocht agus lena n-áirithítear go ndíoltar CCCanna ar théarmaí an mhargaidh[19]. Ós rud é go sainordaítear le Rialachán (AE) 2019/943 conarthaí difríochta dhá threo a úsáid le haghaidh scéimeanna tacaíochta dírí praghais i gcomhair infheistíocht i saoráidí nua giniúna cumhachta ó shraith foinsí fuinnimh in-athnuaite agus fuinnimh núicléach, is dócha go n-éireoidh an cineál sin teaglama níos minice[20]. Mar sin féin, más mian leis an Stát cuspóirí beartais eile a shaothrú, amhail tacaíocht spriocdhírithe do thionscail áirithe, tá féidearthachtaí eile

[18] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1227/oj).

[19] Treoraíocht ón gCoimisiún maidir le dearadh conarthaí difríochta dhá threo (IO C, C/2025/6701, 19.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6701/oj).

[20] A luaithe a rachaidh na scéimeanna tacaíochta in éag, ceadófar do na suiteálacha CCCanna a shíniú freisin. Is mó seans go dtarlóidh sé sin nuair a bhíonn fad gearr ag na scéimeanna tacaíochta i gcomparáid le saolré na suiteála. I ndáil leis sin, is féidir le suiteálacha núicléacha ‘a bhfuil saolré an-fhada acu’ a bheith ina bhfoinse le haghaidh CCCanna.

ann maidir le Státchabhair, amhail na féidearthachtaí atá i gCreat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan[21]. Trí spreagadh breise a thabhairt don aistriú fuinnimh trí mhodhanna amhail conradh difríochta dhá threo ar féidir iad a chomhcheangal le CCCanna, beidh CCC ar phraghas níos ísle ann a rachaidh chun tairbhe do cheannaitheoirí.

(23) A mhéid a bhaineann le hacmhainneacht creidmheasa ceannaitheoirí, ceanglaítear le Rialachán (AE) 2019/943 ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil ionstraimí i bhfeidhm, amhail scéimeanna ráthaíochta ar phraghsanna an mhargaidh, chun na rioscaí airgeadais a bhaineann le mainneachtain íocaíochta ceannaitheora a laghdú agus go bhfuil rochtain orthu ag custaiméirí a bhfuil bacainní rompu maidir le dul isteach i margadh na CCCanna agus nach bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Sa chreat sin, ceadaítear do na Ballstáit brath ar ionstraimí príobháideacha nó ráthaíochtaí Státbhunaithe a chruthú. Ar leibhéal an Aontais, sheol an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Coimisiún clár píolótach in 2025 chun cuid de na CCCanna arna síniú ag cuideachtaí meánmhéide agus móra a fhrithráthú, ar tionscnamh é lena gcomhlánaítear ráthaíochtaí náisiúnta[22]. Le Rialachán (AE) 2019/943, ceanglaítear ar na Ballstáit a dtionscnaimh a chomhordú, chomh maith le comhordú a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit ráthaíochtaí Státbhunaithe a fhorbairt, ba cheart dóibh comhordú iomchuí le hionstraim BEI a áirithiú.

(24) Trí CCCanna a thrádáil ar ardáin mhargaidh, bídís príobháideach nó poiblí, rannchuidítear le caighdeánú agus trédhearcacht a mhéadú i margadh na CCCanna. Meallann sé sin leachtacht, laghdaíonn sé costais idirbheart agus, ar deireadh, laghdaíonn sé bacainní ar iontráil. Is féidir le CCCanna caighdeánaithe a thairgtear ar na hardáin sin tairbhe a bhaint freisin as ionstraimí, amhail scéimeanna ráthaíochta ar phraghsanna an mhargaidh[23]. Ar an taobh eile, tá gá le CCCanna saincheaptha freisin chun go mbeidh tomhaltóirí áirithe in ann a dtomhaltas a fhálú ar bhealach níos fearr. Ag brath ar inghlacthacht an mhargaidh, is féidir le malartáin chumhachta agus idirghabhálaithe eile ardáin nua nó táirgí margaidh sonracha a fhorbairt chun tacú le margadh na CCCanna. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh aon bhacainn ar ardáin mhargaidh a fhorbairt le haghaidh CCCanna, go leanfaidh an úsáid a bhainfidh rannpháirtithe sa mhargadh astu de bheith deonach agus go mbeidh iomaíocht chóir ann idir ardáin mhargaidh náisiúnta agus roghanna malartacha príobháideacha.

(25) Is féidir le CCCanna ilcheannaitheoirí rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar chuid de na bacainní a bhíonn roimh mhargadh na CCCanna. Tríd an éileamh a chomhiomlánú, tugann na CCCanna sin aghaidh ar ilroinnt an éilimh, cuireann siad ar a gcumas do cheannaitheoirí beaga rochtain a fháil orthu agus caolaíonn siad an riosca contrapháirtí. Ós rud é go bhfuil sé casta an t-éileamh a chomhiomlánú agus go mbíonn costais arda idirbheart mar thoradh air, is féidir ról tábhachtach a bheith ag comhbhailitheoirí éilimh maidir le margadh na CCCanna ilcheannaitheoirí a leathnú. Úsáideann na comhbhailitheoirí sin, lena n-áirítear pobail saoránach nó pobail

[21] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Creat le haghaidh bearta Státchabhrach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, (Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan), C/2025/7600

[22] Imchlúdach iasachta ráthaíochta an chomhaontaithe ceannaigh cumhachta uile-Aontais. Le fáil ag: https://www.eib.org/en/projects/pipelines/all/20250202

[23] Ní mór aon ráthaíocht Státbhunaithe a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair. Féach an Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí (IO C 155, 20.6.2008, lch. 10).

fuinnimh in-athnuaite, téarmaí caighdeánacha chun caibidlíocht a dhéanamh leis an ngineadóir leictreachais agus chun tairiscint shoiléir a dhéanamh do cheannaitheoirí ionchasacha. I gcásanna áirithe, cuidíonn idirghabhálaithe amhail páirceanna tionsclaíocha nó comhlachais ghnó le grúpaí ceannaitheoirí a chruthú chun na conarthaí sin a shíniú. Is féidir le cliaint ancaire cur le fás CCCanna ilcheannaitheoirí freisin, ós rud é gur cliaint níos mó iad sin a sholáthraíonn éileamh leordhóthanach ar ghineadóir chun téarmaí conarthacha a thairiscint ar féidir ceannaitheoirí níos lú a chomhiomlánú leo. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil aon bhacainn ar CCCanna ilcheannaitheoirí ná ar chomhiomlánú éilimh. Maidir le gach comhaontú ceannaigh chomhpháirtigh, ní mór do rannpháirtithe i CCCanna ilcheannaitheoirí na rialacha iomaíochta a chomhlíonadh[24].

(26) Tá dearcadh fadtéarmach ag údaráis phoiblí ar a dtomhaltas fuinnimh agus is féidir leo úsáid a bhaint as a n-éileamh fuinnimh féin chun rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Faightear an fuinneamh sin trí sholáthar poiblí. Is féidir riachtanais fuinnimh na n-údarás poiblí a shásamh freisin trí fhuinneamh a sholáthar trí CCCanna, go háirithe in éineacht le seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh chun an t-éileamh a laghdú, lena n-áirítear trí chonraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh. Ina theannta sin, is féidir le húdaráis phoiblí a cheannaíonn fuinneamh trí CCCanna gníomhú mar chliaint ancaire freisin agus custaiméirí eile a mhealladh chun páirt a ghlacadh i CCCanna ilcheannaitheoirí. Dá bhrí sin, ba cheart d’eintitis phoiblí comhiomlánú éilimh a chur chun cinn trí ról níos gníomhaí a ghlacadh i margadh na CCCanna. Ba cheart an próiseas chun custaiméirí breise a mhealladh chuig CCC a dhéanamh ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart comhlíonadh na rialacha maidir le Státchabhair a áirithiú leis.

(27) Tá na rialacha cuntasaíochta maidir le láimhseáil CCCanna ag athrú. Go háirithe, d’eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) leasuithe le déanaí ar cheanglais chuntasaíochta atá ann cheana chun soiléiriú a dhéanamh ar conas déileáil le CCCanna fisiceacha agus le CCCanna airgeadais, a ghlac an tAontas go foirmiúil. Is díol spéise ar leith le haghaidh CCCanna fisiceacha é an soiléiriú ar na rialacha maidir leis an díolúine féinúsáide a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní chuireann gach ceannaitheoir CCC Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS i bhfeidhm, toisc go gcuireann go leor acu rialacha cuntasaíochta náisiúnta i bhfeidhm ina n-ionad. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tuairimí na bpáirtithe leasmhara atá gníomhach i margadh na CCCanna a chur san áireamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha cuntasaíochta i gcás inar bacainn iad ar CCCanna.

(28) Go ginearálta, bíonn CCCanna in-athnuaite in éineacht le ráthaíochtaí tionscnaimh, rud a chruthaíonn go dtagann an leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite. Is comhlachtaí eisiúna a eisíonn na ráthaíochtaí tionscnaimh, a sheachadtar ar an mórchóir agus a úsáideann tomhaltóirí leictreachais chun a dheimhniú gur ó fhoinsí in-athnuaite a thagann a dtomhaltas leictreachais. Mar sin féin, tá leibhéal íseal gráinneachta ama ag na ráthaíochtaí tionscnaimh, agus is minic a chomhiomlánaíonn siad giniúint ar leibhéal míosúil nó bliantúil, rud a chiallaíonn gur beag comhghaol atá ann le tomhaltas iarbhír an cheannaitheora. Leis an easpa gráinneachta ama sin maidir le

---

[24] Tá treoraíocht maidir le comhlíonadh socruithe ceannaigh chomhpháirtigh agus téarmaí caighdeánacha le rialacha iomaíochta an Aontais le fáil i Ranna 4 agus 8 den Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair (IO C 259, 21.7.2023, lch. 1).

ráthaíochtaí tionscnaimh, díspreagtar ar an gcaoi chéanna úsáid solúbthachta éilimh nó stórála fuinnimh gearrthéarmaí a bhaineann le giniúint in-athnuaite. Tarlaíonn an fhadhb chéanna ar leibhéal geografach toisc go bhféadfadh ceannaitheoir CCC a bheith i gcrios tairisceana difriúil (CCC trasteorann), rud a d'fhéadfadh a bheith i bhfad ó nasc an ghineadóra, i gcomparáid leis an áit a n-eisítear an ráthaíocht tionscnaimh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceadóidh a gcomhlachtaí inniúla ainmnithe ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint agus a aistriú le gráinneacht ama síos go haonad ama an mhargaidh, le haghaidh leictreachas arna sholáthar ag aonad stórála agus lena léirítear an crios tairisceana inar tharla an ghiniúint. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin gur féidir ráthaíochtaí tionscnaimh a mhalartú thar theorainneacha chun CCCanna trasteorann a éascú.

(29) Murab ionann agus CCCanna, ní gá do chomhaontuithe ceannaigh fuinnimh eile sainiúlachtaí an mhargaidh leictreachais a léiriú. Is féidir le comhaontuithe ceannacháin hidrigine, téimh agus fuaraithe nó bithmheatáin go leor saintréithe a roinnt le conarthaí chun tráchtearraí stóráilte a cheannach amhail gás nádúrtha, lena n-áirítear leibhéil íonachta agus cháilíochta.

(30) Chun go bhféadfar an fuinneamh arna thomhailt faoi chomhaontuithe ceannacháin hidrigine in-athnuaite agus bithmheatáin a áireamh faoi chomhair na spriocanna i dTreoir (AE) 2018/2001, tá na conarthaí lena áirithiú go n-aistreofar an cruthúnas inbhuanaitheachta agus na ráthaíochtaí tionscnaimh lena mbaineann chuig bunachar sonraí an Aontais[25].

(31) Is féidir le comhaontuithe ceannacháin hidrigine in-athnuaite infheistíochtaí i leictrealóirí nua a scaoileadh, agus tá siad le soiléiriú a dhéanamh ar an gconair seachadta (e.g. píblíne nó loingseoireacht), ar chomhlíonadh coinníollacha rialála, agus ar an tsamhail phraghsála, a bhfuil innéacsanna praghsanna tagartha fós ag teacht chun cinn ina leith.

(32) Le comhaontuithe ceannacháin bithmheatáin, ar féidir leo a bheith bainteach le saoráidí táirgthe atá ann cheana nó le saoráidí táirgthe nua, tá an modh seachadta (e.g. píblíne gáis nádúrtha nó seachadadh fisiceach) agus an tsamhail phraghsála le soiléiriú. Mar is amhlaidh le CCCanna, is féidir comhaontuithe ceannacháin bithmheatáin a chomhtháthú i bpunann níos leithne lena n-áirítear gáis eile nó is féidir iad a bheith i bhfoirm conradh airgeadais a bhaineann le malartú ráthaíochtaí tionscnaimh agus cruthúnas ar inbhuanaitheacht i mbunachar sonraí an Aontais.

(33) Cé gur féidir le bithmheatán taisteal thar theorainneacha, tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin den sórt sin fós ilroinnte den chuid is mó. Trí úsáid chórasach a bhaint as bunachar sonraí lánfheidhmiúil de chuid an Aontais chun breoslaí gásacha in-athnuaite a rianú, rannchuideofar le trádáil trasteorann bithmheatáin idir na Ballstáit a mhéadú agus cuirfear feabhas ar thrédhearcacht agus iontaofacht maidir lena thionscnamh.

(34) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcruthófar le dearadh a scéimeanna tacaíochta bacainní ar thrádáil trasteorann bithmheatáin, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannacháin bithmheatáin. Nuair a shainítear go hiomchuí iad, is féidir le scéimeanna tacaíochta poiblí chun bithmheatán a tháirgeadh comhaontuithe den sórt sin a chomhlánú i dtrádáil trasteorann bithmheatáin, go háirithe nuair a cheadaíonn siad do tháirgeoirí bithmheatán nach dtacaítear leis a dhíol le tomhaltóirí i mBallstáit eile. Trí

[25] Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001.

aistriú ó thacaíocht atá bunaithe ar tháirgeadh go tacaíocht atá dírithe ar an éileamh, is féidir rannchuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

(35) Os a choinne sin, is de chineál áitiúil iad comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe agus is minic a éilíonn siad bonneagar tiomnaithe amhail líonraí téimh agus fuaraithe ceantair a úsáid. Is féidir leis an táirgeoir teasa teas nó fuacht in-athnuaite a sholáthar bunaithe ar fhuinneamh comhthimpeallach, geoiteirmeach nó teirmeach gréine nó ar bhithmhais, nó teas a sholáthar ó choire leictreach, ó dhramhtheas tionsclaíoch nó ó dhramhfhuacht tionsclaíoch. Is féidir é sin a sholáthar go díreach nó trí theaschaidéal, agus is féidir é a chomhcheangal le teirmeastóráil. Réamhriachtanas lárnach is ea mapáil chruinn a dhéanamh ar fhoinsí teasa ghlain agus fuachta ghlain atá ar fáil go háitiúil, lena n-áirítear, mar shampla, suiteálacha núicléacha, agus iad a mheaitseáil leis an éileamh áitiúil ar an leibhéal teochta comhfhreagrach. Cé go mbíonn giniúint teasa, go háirithe in earnáil na tionscail, faoi úinéireacht an úsáideora de ghnáth, tá soláthar fuinnimh agus conarthaí teasa mar sheirbhís ag éirí níos coitianta. Sa tsamhail sin, glacann soláthraí na rioscaí airgeadais, teicniúla agus feidhmíochta chuige féin, agus déanann sé an fearas téimh a shuiteáil agus a rith, in éineacht níos mó agus níos mó le teirmeastóráil, i saoráidí an cheannaitheora. I gcás réitigh leictrithe, is féidir leis an soláthraí gníomhú mar chomhbhailitheoir a dhíolann solúbthacht i margaí leictreachais agus i seirbhísí eangaí.

(36) Is féidir le comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe cuidiú le príomhriosca infheistíochtaí soláthair teasa agus fuachta a mhaolú, i.e. an éiginnteacht maidir le leanúnachas agus cáilíocht na foinse teasa agus cinnteacht fhadtéarmach a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí. Maidir le tionscadail i dtéamh agus fuarú ceantair, is féidir tacú leo ar bhealach úsáideach trí scéimeanna sonracha dí-rioscaithe. I margadh nuaghinte le haghaidh teas in-athnuaite agus dramhtheas sa tionscal[26], tá comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe tábhachtach freisin chun feasacht a mhéadú trí chineálacha conarthaí agus socruithe airgeadais is féidir a mhacasamhlú go héasca. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar mapáil ar na foinsí teasa agus fuachta ghlain atá ar fáil trí phleananna áitiúla um théamh agus fuarú agus scéimeanna dí-rioscaithe a bhunú le haghaidh dramhtheasa agus dramhfhuachta agus le haghaidh téamh agus fuarú in-athnuaite, go háirithe le haghaidh téamh agus fuarú ceantair.

(37) Ba cheart an Moladh seo a bheith gan dochar do dhlí an Aontais, go háirithe i réimse an fhuinnimh agus na hiomaíochta.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha a leagan amach maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite agus sócmhainní stórála a chur in úsáid go tapa.

(2) Agus beartais á gcur i bhfeidhm acu lena gcuirtear glacadh comhaontuithe ceannaigh cumhachta (CCCanna) chun cinn, ba cheart do na Ballstáit páirtithe conarthacha, go

[26] Le Treoir (AE) 2018/2001, leagtar síos creat le haghaidh comhaontuithe téimh agus fuaraithe in-athnuaite; aithnítear léi freisin a thábhachtaí atá aisghabháil dramhtheasa agus dramhfhuachta do chóras fuinnimh an Aontais agus a shineirgí le fuinneamh in-athnuaite. Cumhdaítear leis an Moladh seo comhaontuithe ceannacháin le haghaidh teas agus fuacht in-athnuaite agus dramhtheas agus dramhfhuacht, a bhfuil saintréithe coiteanna acu.

háirithe comhlachtaí poiblí agus tomhaltóirí móra fuinnimh, a spreagadh chun an teaglaim de CCCanna agus bearta costéifeachtúla atá dírithe ar an éileamh maidir le héifeachtúlacht agus solúbthacht fuinnimh a mheas.

(3) Nuair is gá chun cuspóirí Eorpacha a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit scéimeanna tacaíochta um ghiniúint leictreachais a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach a chomhlánaíonn agus a chumasaíonn CCCanna, agus nach saobhann siad an iomaíocht sna margaí leictreachais.

(4) Nuair a thacaítear le hinfheistíochtaí giniúna leictreachais trí chonarthaí difríochta dhá threo nó trí scéimeanna atá i bhfoirm dhifriúil agus a chomhcheanglaítear le CCCanna, ba cheart na scéimeanna tacaíochta sin a dhearadh ar bhealach:

(a) a sheachnaíonn an riosca tras-fhóirdheonaithe do cheannaitheoir an CCC;

(b) a sheachnaíonn saobhadh a chruthú ar mhargaí CCCanna;

(c) a laghdaíonn an riosca go n-ísleofar leachtacht i margaí leictreachais eile.

Ba cheart cead a bheith ag eintiteas arna shainordú ag an mBallstát cuid den acmhainneacht a fhaigheann tacaíocht ó chonarthaí difríochta dhá threo a athdhíol le haon tomhaltóir, lena n-áirítear thar theorainneacha, trí CCCanna arna ndámhachtain trí phróisis tairisceana iomaíocha, ag a bhfuil aibíochtaí thart ar 5 bliana.

(5) I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit ráthaíochtaí Státbhunaithe a fhorbairt, ba cheart dóibh comhordú iomchuí a áirithiú le hionstraim iasachtaithe frithráthaíochta BEI chun tacú le cuideachtaí meánchaipitlithe agus corparáidí móra CCCanna corparáideacha a shíniú le soláthróirí fuinnimh in-athnuaite.

(6) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil aon bhacainn ar ardáin mhargaidh a fhorbairt le haghaidh CCCanna agus go leanfaidh an úsáid a bhainfidh rannpháirtithe sa mhargadh astu de bheith deonach. Féadfaidh na Ballstáit a mheas go dtairgtear ionstraimí, amhail scéimeanna ráthaíochta ar phraghsanna an mhargaidh, le haghaidh CCCanna a thrádáiltear ar ardáin mhargaidh. I gcás ina bhforbróidh na Ballstáit ardáin mhargaidh náisiúnta, ba cheart dóibh iomaíocht chóir le roghanna malartacha príobháideacha a áirithiú.

(7) Chun rochtain ar CCCanna a chur chun cinn le haghaidh ceannaitheoirí beaga, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh aon bhacainn ar CCCanna ilcheannaitheoirí, ba cheart dóibh rannchuidiú le feasacht a mhúscailt maidir leis na conarthaí sin a bheith ann i measc ceannaitheoirí agus idirghabhálaithe ionchasacha agus ba cheart dóibh síniú na gconarthaí sin a éascú faoi chuimsiú aon ráthaíochta Státbhunaithe. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh na coinníollacha uile i bhfeidhm chun go bhféadfaidh cuideachtaí atá tiomnaithe do chomhiomlánú éilimh teacht chun cinn agus oibriú. Ba cheart do na Ballstáit ceannaitheoirí móra a ghníomhaíonn mar chliaint ancaire a chur chun cinn freisin, rud a thabharfadh ceannaitheoirí beaga chuig CCCanna ilcheannaitheoirí.

(8) Ba cheart d'eintitis phoiblí breithniú a dhéanamh ar a dtomhaltas fuinnimh a sholáthar trí CCCanna agus ba cheart dóibh sásraí a chur i bhfeidhm lenar féidir soláthar den sórt sin a éascú, chomh maith le CCCanna a chomhtháthú le seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh. Ba cheart cead a bheith ag eintitis phoiblí gníomhú mar chliaint ancaire, rud a thabharfadh ceannaitheoirí beaga chuig CCCanna ilcheannaitheoirí ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(9) Ba cheart do na Ballstáit tuairimí na bpáirtithe leasmhara atá gníomhach i margaí CCCanna a chur san áireamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann

cheana maidir le láimhseáil chuntasaíochta na gconarthaí sin, i gcás ina bhfuil siad ina mbacainn ar chatagóirí sonracha CCCanna a shíniú.

(10) Maidir le leictreachas, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceadóidh a gcomhlachtaí inniúla ainmnithe ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint agus a aistriú, i gcomhréir le caighdeán CEN 16325:2025, a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) tá gráinneacht ama síos go haonad ama an mhargaidh acu;

(b) baineann siad le leictreachas arna sholáthar ag aonad stórála;

(c) léiríonn siad an crios tairisceana inar tharla an ghiniúint;

(d) is féidir iad a mhalartú thar theorainneacha;

(11) Chun rianú gás in-athnuaite atá faoi réir comhaontú ceannaigh a éascú, ba cheart do na Ballstáit na hoiriúnuithe teicniúla is gá a chur chun feidhme chun gur féidir a mbunachair sonraí náisiúnta nó a gclárlanna náisiúnta ráthaíochtaí tionscnaimh a chomhtháthú le bunachar sonraí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001. Cuirfidh sé sin ar a gcumas d'oibreoirí margaidh cruthúnais chomhfhreagracha ar inbhuanaitheacht gás in-athnuaite a chur san áireamh, chomh maith le haon ráthaíocht tionscnaimh ghaolmhar arna heisiúint ag comhlachtaí inniúla ainmnithe na mBallstát.

(12) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gcruthófar le dearadh a scéimeanna tacaíochta poiblí bacainní ar thrádáil trasteorann bithmheatáin. Ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfidh scéimeanna tacaíochta poiblí chun bithmheatán a tháirgeadh ar a gcumas do tháirgeoirí tarraingt siar go sealadach ó na scéimeanna sin chun bithmheatán nach dtacaítear leis a dhíol trí chomhaontuithe ceannaigh bithmheatáin le tomhaltóirí i mBallstáit eile. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar aistriú ó thacaíocht atá bunaithe ar tháirgeadh go tacaíocht atá dírithe ar ar an éileamh, i gcás inarb iomchuí.

(13) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhforbrófar pleananna áitiúla um théamh agus fuarú chun na foinsí teasa agus fuachta ghlain atá ar fáil a mhapáil agus scéimeanna dí-rioscaithe a bhunú le haghaidh dramhtheasa agus dramhfhuachta agus le haghaidh téamh agus fuarú in-athnuaite, go háirithe le haghaidh téamh agus fuarú ceantair.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Dan Jørgensen*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**
**Stiúrthóir**
**Cinnteoireacht agus Coláisteacht**
An Coimisiún Eorpach